## Ba mhaith le cónaitheoirí go mbeadh siúl agus rothlú ag teacht níos fearr le busanna



Cé gur cheart go mbeadh siúl agus rothlú ar an rogha is mealltaí maidir le turais ghairide, ba cheart an rogha sin a chomhtháthú le hiompar poiblí le haghaidh turais níos faide freisin.

Is í úsáid bus an cineál taistil ilmhódaigh is coitianta ar fud na hÉireann, agus braitheann formhór na dturas bus ar shiúl agus ar rothlú. Dúirt cónaitheoirí linn go bhfuil feabhsuithe praiticiúla de dhíth orthu chun na modhanna iompair sin a chomhtháthú ar bhealach níos fearr.

**Cén céatadán de chónaitheoirí a mbeadh na hathruithe sin úsáideach dóibh le cuidiú leo turais a dhéanamh lena n-áirítear siúl nó rothlú agus an bus níos minice?**

**81%**
tuilleadh eolais chun cuidiú leo turas a phleanáil agus a dhéanamh (amhail aipeanna, léarscáileanna, comharthaíocht nó foireann iompair phoiblí)

**77%**
níos mó bealaí díreacha siúil agus rothlaithe ó eastáit tithíochta go stadanna bus

**77%**
bealaí siúil agus rothaíochta inrochtana go stadanna bus agus ar ais

**78%**
sábháilteacht fheabhsaithe agus tú agus daoine ag siúl agus ag rothlú go stad bus agus ar ais

**80%**
saoráidí trasnaithe siúil agus rothlaithe feabhsaithe in aice le stadanna bus

**83%**
stadanna bus feabhsaithe (amhail iad a bheith inrochtana, solas maith iontu, dea-bhail orthu, clúdach ón mbáisteach, taispeáint faisnéise seirbhíse)

## Ba mhaith le cónaitheoirí sráideanna níos fearr

Tá go leor bealaí ann lenár sráideanna agus lenár gcomharsanachtaí a dhéanamh sábháilte, fáilteach agus compordach do gach duine chun siúl nó rothlú isteach iontu.

### Cén céatadán de chónaitheoirí a cheapann go gcuideodh na hathruithe sin leo siúl nó rothlú níos mó?

**72%**
cosáin níos leithne
**71%** in 2023

**72%**
trasrianta bóthair níos minice, agus hamanna feithimh laghdaithe
**68%** in 2023


**79%**
áiteanna níos deise feadh na sráideanna chun stopadh agus scíth a ligean acu, amhail níos mó binsí, crann agus scáthlán
**74%** in 2023

**80%**
inrochtaineacht níos fearr ar chosáin, amhail dromchlaí cothroma agus colbhaí íslithe ag pointí trasnaithe
**79%** in 2023

**76%**
níos lú carranna páirceáilte ar an gcosán
**68%** in 2023

**72%**
níos lú eagla roimh choireacht nó iompar frithshóisialta ina gceantar
**63%** in 2023

### Sa cheantar, do gach bóthar a chruthaíonn acomhal le soilse tráchta




Mar shampla, bíonn trí bhóthar ar acomhal-T a chomhdhéanann an t-acomhal, agus bíonn ceithre cinn i gcrosbhóthar.





## Michael Mackin

Táim 62 bliain d'aois, agus táim i mo chónaí i Sord agus bhí siúl ar mhaithe le pléisiúr agus scíth a ligean tábhachtach agam i gcónaí.

Agus mé ag fás aníos, shiúladh m'athair gach uile áit, ag teagasc dom faoin bhflóra, faoin bhfána agus faoin bhfiadhúlra, ag déanamh eachtra de gach siúlóid.

Trí bliana ó shin, bhunaigh mé Grúpa 'Walk and Talk' na bhFear i Sord chun sláinte agus sóisialú a chur chun cinn.

Tá siúl sa cheantar áitiúil éasca a bhuí le roinnt páirceanna agus leis an Inbhear, agus le forbairt Chomhairle Contae Fhine Gall ar na Glasbhealaí, lena n-áirítear an bealach ó Mhallacht Íde go Domhnach Bat, feabhsófar an nascacht. Rachaidh feabhsuithe breise ar Pháirc Ghleann Abhainn an Bharda chun tairbhe do shiúlóirí freisin.

Dá leathnófaí cosáin inrochtana, spásanna glasa agus trasrianta sábháilte, bheadh siúl sé níos fusa agus níos taitneamhaí fós.



Réitigh rothaíochta


# Cad a dhéanfadh rothaíocht níos fearr?

## Is mian le go leor cónaitheoirí rothaíocht a dhéanamh

Tá fonn mór ann tosú ag rothaíocht i measc cónaitheoirí nach bhfuil ag rothaíocht cheana féin.

Chun freastal ar an éileamh sin ní mór dúinn aghaidh a thabhairt ar shábháilteacht, ag cinntiú go bhfuil spás tiomnaithe ag daoine le haghaidh rothaíochta, chomh maith le tacú le rochtain ar rothar, oiliúint, páirceáil rothar, agus rothaíocht agus iompar poiblí a chomhtháthú ar bhealach níos fearr.

### Conas a fheiceann cónaitheoirí iad féin maidir le rothaíocht?



Ní rothaíonn siad agus ní mian leo: **41%**
**43%** in 2023

Rothaíonn siad go minic: **19%**
**17%** in 2023

Rothaíonn siad ó am go chéile: **13%**
**19%** in 2023

Ag rothaíocht den chéad uair nó ag filleadh uirthi: **3%**
**3%** in 2023

Ní rothaíonn siad ach ba mhaith leo: **24%**
**19%** in 2023

### Cén cion de chónaitheoirí a dúirt nach 'rothaíonn siad ach gur mhaith leo'

**27%** de mhná
**22%** in 2023

**25%** de dhaoine ó ghrúpaí mionlaigh eitneacha
**28%** in 2023

**28%** de dhaoine faoi mhíchumas
**18%** in 2023

## Tá níos mó tacaíochta ag teastáil ó chónaitheoirí chun rothaíocht a dhéanamh

### Cén céatadán de chónaitheoirí a cheapann go gcuideodh an cineál sin tacaíochta leo tosú ag rothaíocht nó le rothaíocht a dhéanamh níos mó?

**52%**
rochtain ar rothar
**49%** in 2023

**43%**
rochtain ar rothar leictreach
**36%** in 2023

**29%**
rochtain ar rothar lastais ar a bhfuil spás chun leanaí nó siopadóireacht a iompar
**29%** in 2023

**24%**
rochtain ar rothar oiriúnaithe, amhail trírothach nó rothar láimhe
**26%** in 2023

**54%**
rochtain nó feabhsuithe ar scéim um rothair ar cíos sa chathair
**54%** in 2023

**52%**
rochtain ar pháirceáil shlán do rothair sa bhaile nó in aice leis
**47%** in 2023

**46%**
cúrsaí oiliúna rothaíochta agus turais shóisialta eagraithe
**47%** in 2023

### Céatadáin na gcónaitheoirí a bhfuil rochtain acu ar rothar do dhaoine fásta

**55%** de chónaitheoirí
**58%** in 2023

**45%** den ghrúpa socheacnamaíoch DE
**47%** in 2023

**65%** den ghrúpa socheacnamaíoch AB
**65%** in 2023

## Ba mhaith le cónaitheoirí bonneagar rothaíochta feabhsaithe

Tá líonraí cosán rothaíochta tiomnaithe agus sábháilte, páirceáil rothar agus comhtháthú níos fearr le hiompar poiblí ag teastáil ó dhaoine.

Tá
**17% de theaghlaigh**
laistigh de 125 méadar ó chosáin rothaíochta gan trácht ar shiúl ón mbóthar, nó ó chosáin rothaíochta atá scartha go fisiceach ó thrácht agus ó choisithe
14% in 2023

Tá
**211 km**
de chosáin rothaíochta sa cheantar ar chomhchéim leis an gcosán, agus tá siad idirdhealaithe de dromchla difriúil
203 km in 2023

**Sa cheantar, tá:**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **129 km** de chosáin rothaíochta saor ó thrácht ar shiúl ón mbóthar<br>113 km in 2023 | **201 km** de chosáin rothaíochta atá scartha go fisiceach ó thrácht agus ó choisithe<br>140 km in 2023 | **22 km** de bhealaí ar a bhfuil comharthaí bóthair feadh sráideanna níos ciúine<br>13 km in 2023 | **2,844** spás páirceála rothair trasna 120 stáisiún iarnróid agus bus agus stadanna LUAS<br>2,668 spás trasna 120 stáisiún in 2023 |

**Cén céatadán de chónaitheoirí a chuideofaí leo tosú ag rothaíocht nó le rothaíocht níos mó a dhéanamh dá mbeadh saoráidí níos fearr ann?**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **64%** níos mó cosáin rothaíochta saor ó thrácht ar shiúl ó bhóithre, amhail trí pháirceanna nó feadh uiscebhealaí<br>67% in 2023 | **61%** níos mó cosáin rothaíochta feadh bóithre atá scartha go fisiceach ó thrácht agus ó choisithe<br>65% in 2023 | **63%** níos mó bealaí rothaíochta áitiúla ar a bhfuil comharthaí bóthair feadh sráideanna níos ciúine<br>66% in 2023 | **63%** naisc níos fearr le hiompar poiblí, amhail páirceáil rothar shlán ag stáisiúin traenach, stadanna/stáisiúin bus<br>64% in 2023 |

**I measc na gcónaitheoirí:**

| | | |
|---|---|---|
| Tacaíonn **88%** le cosáin siúil, rothlaithe agus rothaíochta eisbhóthair sa cheantar áitiúil a fheabhsú agus a mhéadú | Tacaíonn **71%** le níos mó cosáin rothaíochta a thógáil atá scartha go fisiceach ó thrácht agus ó choisithe, fiú nuair a chiallódh sé sin níos lú spáis do thrácht eile ar bhóithre<br>72% in 2023 | Tacaíonn **88%** le rochtain siúil, rothlaithe agus rothaíochta chuig stadanna bus agus stáisiúin chóiste nó iarnróid a fheabhsú |



### Aisling Heavey

Thosaigh mé ag rothaíocht chuig an obair agus ar ais i mí Dheireadh Fómhair 2024, agus níl aon stop liom.

Tá mo thuras thart ar 4.5km gach bealach. Ní féidir liom a chreidiúint gur thiomáin mé nuair atá sé chomh gasta agus chomh héasca sin dul ar rothar. Tá feabhas mór tagtha ar mo shláinte mar gheall ar rothaíocht, agus tá i bhfad níos mó fuinnimh agam ná mar a bhíodh agam.

Tá roinnt míbhuntáistí ann; cé go bhfuil cosáin rothaíochta ar an gcuid is mó de mo bhealach, níl siad cosanta, agus tá na dromchlaí dona go leor.

Ba bhreá liom dá mbeadh na lánaí rothaíochta thart ar Bhaile Átha Cliath scartha ó na bóithre, agus dromchlaí níos fearr ar na cosáin, agus go dtabharfaí tús áite do rothaithe ag níos mó acomhal ag baint úsáid as soilse rothaíochta glasa.



Réitigh chomharsanachta

# Áiteanna rathúla, ag díriú ar leanaí

Ba chóir do chomharsanachtaí tús áite a thabhairt do riachtanais agus folláine na ndaoine a chónaíonn ansin agus a thugann cuairt air. Ba chóir iad a phleanáil chun tacú leis an bpobal, ceangal sóisialta a chothú, agus a bheith in áiteanna ina mothaíonn gach duine ar a suaimhneas.

Má dheartar comharsanachtaí agus leanaí á gcur san áireamh, oibreoidh siad níos fearr do chách.

## An turas ar scoil a fheabhsú

Tá scoileanna i gcroílár go leor comharsanachtaí agus ba chóir go mbeadh siad mar chuid d'aon phlean a bhaineann le comharsanachtaí a fheabhsú.

Ciallaíonn sé sin oibriú le scoileanna chun siúl, rothlú agus rothaíocht a spreagadh, ach feabhas a chur ar an gcomharsanacht timpeall ar scoileanna freisin chun trácht a laghdú agus cosáin, pointí trasnaithe agus soláthar rothaíochta a fheabhsú.

Tacaíonn **58%** leis

Tá **25%** ina choinne

sráideanna cónaithe lasmuigh de scoileanna a dhúnadh do charranna le linn amanna fágála agus bailithe

Tugtar 'Sráideanna Scoile' orthu sin.

Tá scéimeanna Sráideanna Scoile ag

**6 scoil**

sa cheantar

1 scoil in 2023

Tacaíonn **85%** leis

Tá **5%** ina choinne

luasteorainneacha a laghdú, pointí trasnaithe a fheabhsú agus cosáin rothaíochta cosanta a thabhairt isteach i gcomharsanachtaí scoile

Tugtar 'Bealaí Sábháilte chun na Scoile' orthu sin.[i]

**Tá 96 scoil**

sa chlár Bealaí Níos Sábháilte chun na Scoile

i. Tá sé mar aidhm ag na scéimeanna Bealaí Níos Sábháilte chun na Scoile criosanna scoile ildaite sainiúla a sholáthar ag tosach scoileanna chun tús áite a thabhairt do leanaí a bhíonn ag siúl, ag rothlú agus ag rothaíocht, chun cosc a chur ar fhágáil feithiclí, agus chun trasrianta agus naisc thábhachtacha a fheabhsú do leanaí a roghnaíonn taisteal gníomhach.

## An neamhspleáchas a thabhairt do leanaí chun bheith ag fánaíocht, ag súgradh agus ag forbairt

Ba chóir do chomharsanachtaí a bheith ina n-áiteanna inar féidir le leanaí déanamh go maith. Is féidir le comharsanachtaí atá deartha go maith saoirse a thabhairt do leanaí bogadh timpeall, bheith ag súgradh agus ag sóisialú, rud a chuideoidh le neamhspleáchas, scileanna sóisialta agus uathriail leanaí.

**An mheánaois nuair a ligfeadh tuismitheoirí agus cúramóirí do leanaí taisteal go neamhspleách ina gcomharsanacht**

**12 bliain d'aois**
le siúl nó rothlú

**12 bliain d'aois**
le rothaíocht a dhéanamh

**13 bliain d'aois**
chun iompar poiblí a úsáid

Aontaíonn

**80%**

go bhfuil spás ann do leanaí chun sóisialú agus súgradh

79% in 2023

Tá níos lú páistí ag súgradh amuigh ar a sráideanna ná riamh. Ní dúirt ach **27%** de leanaí go mbíonn siad ag súgradh lasmuigh dá dtithe go rialta, i gcomparáid le **71%** díobh siúd a rugadh idir 1946 agus 1964.

Suirbhé feachtais 'Summer of Play', Save the Children, 2022.



## Tacaíonn cónaitheoirí le comharsanachtaí atá sábháilte do leanaí

Tacaíonn daoine fásta le comharsanachtaí atá sábháilte do leanaí, lena n-áirítear spriocanna laghdaithe tráchta agus bearta chun tréthrácht agus luas tráchta a laghdú, ach ní mór é sin a dhéanamh go cothrom.

Ceapann

**61%**

de chónaitheoirí nach é feithiclí mótair atá ag bogadh nó páirceáilte an ghné is suntasaí ina sráideanna

**54%** in 2023

Tacaíonn

**79%**

le spriocanna laghdaithe tráchta a leagan síos agus beart a dhéanamh chun iad sin a bhaint amach

**77%** in 2023

Tacaíonn

**79%**

le comharsanachtaí íseal-tráchta

**82%** in 2023

Níl aon rud ann chun cosc a chur ar thrácht tríd an gceantar ar

**10%**

d'fhad iomlán na mbóithre neamhaicmithe sa cheantar. D'fhéadfadh cóngar sciuirde a bheith mar thoradh air seo.[ii]

**12%** in 2023

**Bheadh níos lú mótarfheithicilí ar a sráideanna úsáideach do chónaitheoirí chun:**

**67%** siúl nó rothlú níos mó

**56%** níos mó rothaíocht a dhéanamh

Tacaíonn

**78%**

le luasteorainneacha a laghdú ar bhóithre áitiúla i limistéir faoi fhoirgnimh go luasteorainneacha 30 km/u

Ba chóir go mbeadh trácht ag taisteal ag luasanna faoi bhun 30 km/u ar

**47%**

de shráideanna an cheantair de ghnáth (gan mótarbhealaí san áireamh)

**41%** in 2023

**Bheadh níos mó sráideanna le luasteorainneacha 30 km/u úsáideach do chónaitheoirí chun:**

**66%** siúl nó rothlú níos mó

**58%** níos mó rothaíocht a dhéanamh

## Ba chóir go mbeadh gach duine ar a suaimhneas ina gcomharsanacht féin

Le feabhsuithe ar chomharsanachtaí, ba chóir riachtanais daoine fásta a aithint freisin, mar shampla mná, daoine faoi mhíchumas agus daoine ó ghrúpaí mionlaigh eitnigh.

Aontaíonn

**75%**

go mbíonn siad ag comhrá go rialta lena gcomharsana, níos mó ná díreach heileo a rá

**82%** in 2023

Mothaíonn

**84%**

go bhfuil siad ábalta páirt a ghlacadh in áit níos fearr le cónaí a dhéanamh dá gcomharsanachta

**81%** in 2023

**Cion na gcónaitheoirí a bhraitheann go bhfuil fáilte rompu agus a bhíonn ar a suaimhneas ag siúl, ag rothaíocht nó ag caitheamh ama ar shráideanna a gcomharsanachta**

**90%**

de na cónaitheoirí ar fad

**89%** in 2023

**89%** de mhná

**91%** in 2023

**90%** d'fhir

**88%** in 2023

**79%** de dhaoine ó ghrúpaí mionlaigh eitneacha

**88%** in 2023

**91%** de dhaoine geala

**90%** in 2023

**84%** de dhaoine faoi mhíchumas

**83%** in 2023

**90%** de dhaoine nach bhfuil faoi mhíchumas

**90%** in 2023

**84%** den ghrúpa socheacnamaíoch DE

**84%** in 2023

**89%** den ghrúpa socheacnamaíoch AB

**92%** in 2023

ii. Bunaithe ar anailís le CycleStreets **www.lowtrafficneighbourhoods.org**. Is iad na bóithre beaga ísealúsáide na bóithre sin a aicmítear mar 'bhóithre beaga níos lú suntasach' ar OpenStreetMap.

An ceantar a fhorbairt

# Siúl, rothlú agus rothaíocht a fheabhsú



Ó foilsíodh Innéacs Siúil agus Rothaíochta 2023, tá dul chun cinn suntasach déanta ag Ceantar Cathrach Bhaile Átha Cliath maidir lena líonra taistil ghníomhaigh a leathnú.

Le maoiniú leanúnach agus treoir straitéiseach ón Údarás Náisiúnta Iompair (ÚNI), tá bonneagar ardchaighdeáin curtha ar fáil ag údaráis áitiúla ar fud an réigiúin a thacaíonn le siúl, rothlú agus rothaíochta mar roghanna inmharthana le haghaidh taisteal laethúil. Áirítear leis an dul chun cinn suntasach atá déantar cur i gcrích na bpríomhscéimeanna seo a leanas:



Scéim Chluain Tarbh go Lár na Cathrach

## Scéim Taistil Ghníomhaigh Chluain Tarbh go Lár na Cathrach

I mí na Samhna 2024, d'oscail Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an Scéim Taistil Ghníomhaigh ó Chluain Tarbh go Lár na Cathrach. Leis an mbealach gathach 2.7km sin, cuirtear feabhas ar an tsábháilteacht agus inrochtaineacht do dhaoine atá ag siúl, ag rothlú agus ag rothaíocht, agus nasctar Bóthar Chluain Tarbh (ag Bóthar Alfie Byrne) le Sráid Amiens (ag Sráid Talbot). I measc na bpríomhghnéithe tá 8km de shiúlbhealaí uasghrádaithe do choisithe, trí thrasrian coisithe uasghrádaithe agus dhá thrasrian coisithe nua, 6.8km de lánaí rothaíochta nua agus uasghrádaithe, 5.4km de lánaí bus uasghrádaithe agus 14 stad bus uasghrádaithe, naoi bpríomhuasghrádú ar acomhail, agus ocht bplás pobail. Áiríodh leis an scéim freisin oibreacha suntasacha glasaithe agus poiblí.



Scéim Bhóthar Harry Reynolds

## Fine Gall

Chríochnaigh Comhairle Contae Fhine Gall an Trasrian Coisithe agus Rothaithe 3km ar Bhóthar Harry Reynolds i mBaile Brigín. Áirítear leis an mbealach lánscartha sin, atá mar chuid d'infheistíocht dar luach €16 mhilliún, uasghráduithe móra ar acomhail agus ar chosáin leathana inrochtana atá deartha chun taisteal gníomhach sábháilte agus muiníneach a chur chun cinn. Le tionscadal Ascaill Chrónáin agus Bhóthar Bhaile Bhreacáin in 2023, soláthraíodh 4.5km de lánaí rothaíochta cosanta agus uasghráduithe coisithe. Agus é suite siar ó thuaidh ó Shráid Mhór Shoird, áiríodh leis an scéim 2 acomhal uasghrádaithe, 5 thrasrian shíogacha nua, feabhsuithe ar 12 acomhal taobh-bhóthair agus cóireálacha ar an gCrios Scoile ag Scoileanna Sóisearacha agus Sinsearacha Naomh Crónán.



Taisteal Gníomhach na coda ó Pháirc na Carraige Duibhe go hAscaill Trimbleston de Chonair an Chósta Thoir

## Dún Laoghaire–Ráth an Dúin

Críochnaíodh an chuid ó Pháirc na Carraige Duibhe go hAscaill Trimbleston de Chonair an Chósta Thoir, ar bhain an méid seo a leanas leis:

- 475m de chosán rothaíochta dhá bhealach atá cosanta ag colbhaí
- 260m de chosáin uasghrádaithe
- 2 acomhal uasghrádaithe agus 6 thrasrian taobh-bhóthair
- Bearta tosaíochta do bhusanna agus tírdhreachú agus soilsiú feabhsaithe

Tá an tionscadal sin mar chuid de Chonair níos leithne an Chósta Thoir, a nascann bealaí cósta amach anseo leis an mBealach Soghluaisteachta Cósta atá ann cheana ó Pháirc na Carraige Duibhe go Cuan an Ghainimh.

Críochnaíodh scéim taistil ghníomhaigh Bhóthar Ghráinseach an Déin, lena soláthraítear nascacht ríthábhachtach idir bealaí rothaíochta éagsúla, amhail na bealaí "Páirc go Páirc" agus "Sléibhte go Miotail".

## Glasbhealach na Canála Ríoga

Osclaíodh Céim 3 de Ghlasbhealach na Canála Ríoga i mí Mheán Fómhair, lena soláthraítear 2.1 km de shaoráidí leanúnacha siúil agus rothaíochta ó Bhóthar na Trá Thuaidh go Bóthar Bhaile Phib, lena n-áirítear droichead nua do choisithe agus do rothaithe, trasrianta feabhsaithe agus réimse poiblí feabhsaithe.



Scéim Taistil Ghníomhaigh D24

## Baile Átha Cliath Theas

Sa bhliain 2024, chríochnaigh Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas Céim 1 de Líonra Rothar Raonta Comharsanachta D24. Forbraíodh an líonra 5.5km sin i ndeisceart Thamhlachta trí spás bóthair tearcúsáidte a ath-leithdháileadh agus áiríodh leis 1.75km de chosáin uasghrádaithe, 15 thrasrian coisithe nua nó fheabhsaithe agus 4 Chrios Scoile.

Tá buntáistí intomhaiste bainte amach tríd an scéim cheana, lena n-áirítear méadú 43% ar rothaithe ar Bhealach Bhaile an Fhaoitigh agus laghdú 6% ar na meánluasanna tráchta.

## Ceantair Chathrach Amuigh

- Cill Dara: Críochnaíodh 6km de Ghlasbhealach na Canála Ríoga idir Léim an Bhradáin agus Maigh Nuad.
- Cill Mhantáin: Uasghráduithe leanúnacha ar chúig thimpeallán sna Clocha Liath chun sábháilteacht taistil ghníomhaigh a fheabhsú.
- An Mhí: Dearadh líonra rianta rothar Dhún Búinne a agus a naisc ar aghaidh trí Chluain Aodha go Baile Bhlainséir a chur i gcrích.



## Ag breathnú chun cinn

# Áiteanna agus sráideanna níos fearr do chách

Is tosaíocht ríthábhachtach fós í forbairt líonra an Taistil Ghníomhaigh ar fud Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath. Díreofar sna blianta atá amach romhainn ar bhonneagar bunathraitheach a sheachadadh a thacóidh le siúl, rothlú agus rothaíocht mar mhodhanna iompair sábháilte, áisiúla agus inbhuanaithe.

Gné mhór den obair seo is ea Clár Chríochonair Bus BusConnects, a bhfuil cead pleanála faighte aige do na 12 phríomhbhealach ghathacha go léir. Leis na conairí sin, soláthrófar an méid seo a leanas:

- Os cionn **230 km** de bhonneagar rothaíochta atá scartha den chuid is mó
- 360 acomhal uasghrádaithe
- Níos mó ná 620 trasrian taobh-bhóthair feabhsaithe

I gcomhthráth, tá an clár Bealaí Níos Sábháilte chun na Scoile fós ag leathnú. Tacaíonn foirne tiomnaithe Taistil Ghníomhaigh laistigh de gach údarás áitiúil leis an soláthar, agus soláthraíonn ÚNI oiliúint, treoir maidir le dearadh agus tacaíocht rannpháirtíochta poiblí.

**Céatadán na gcónaitheoirí ar mian leo go gcaithfeadh an rialtas níos mó airgid ina gceantar áitiúil:**

**66%** ar shiúl agus rothlú

**55%** ar rothaíocht

**71%** ar bhusanna

**67%** ar thraenacha

**64%** ar chineálacha eile iompair phoiblí

**36%** ar thiomáint

**Is tosaíocht ríthábhachtach fós í forbairt líonra an Taistil Ghníomhaigh ar fud Cheantar Cathrach Bhaile Átha Cliath.**

Faoin am a fhoilseofar an chéad Innéacs Siúil agus Rothaíochta eile, meastar go mbeidh roinnt príomhthionscadal curtha chun cinn go mór nó críochnaithe:

- **Plean Bainistíochta Tráchta Lár Chathair Bhaile Átha Cliath** leanadh lena chur chun feidhme chun spás bóthair a ath-leithdháileadh agus tús áite a thabhairt d'iompar gníomhach agus inbhuanaithe i lár na cathrach.
- **Áth an Ghainimh go Sráid Charlemont** bealach taistil ghníomhaigh ardchaighdeáin.
- **Séipéal Iosóid agus Bóthar Conyngham** rian rothaíochta dhá bhealach nua agus uasghrádú ar acomhal mór chun feabhas a chur ar shaoráidí do dhaoine a bhíonn ag siúl agus ag rothaíocht.
- **Glasbhealach na Dothra**: Beidh codanna de Bhaile Átha Cliath Theas agus Dhún Laoghaire críochnaithe agus beidh cuid mhór de ghnéithe Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath den bhealach gathach straitéiseach seo ó **Thamhlacht go dtí an Life** críochnaithe.
- **Síneadh Ghlasbhealach na Canála Ríoga** : Forbairt leanúnach ón **Life go Maigh Nuad**, rud a fheabhsaíonn nascacht réigiúnach.
- **Síneadh an Líonra Fo-uirbigh**: Soláthar leanúnach bonneagair taistil ghníomhaigh i bpríomhbhailte lena n-áirítear **Tamhlacht, Sord, agus Dún Laoghaire**.
- **Glasbhealach Bhealach Ghabhra**: Tógfar glasbhealach nua ag trasnú **Inbhear Mhullach Íde** ar siúl, ag nascadh Domhnach Bat agus Mhullach Íde.
- **Uasghráduithe Líonra Áitiúil** sna ceantair chathrach amuigh: Feabhsuithe leanúnacha ar bhonneagar taistil ghníomhaigh i **Maigh Nuad, sna Clocha Liatha, agus i gCluain Aodha**.

Is iarracht chomhordaithe atá sna tionscadail sin chun líonra taistil ghníomhaigh níos sábháilte, níos inrochtana agus níos nasctha a chruthú ar fud ceantair chathrach, rud a thacóidh le stíleanna maireachtála níos sláintiúla, le hastaíochtaí a laghdú agus leis an gcaighdeán beatha a fheabhsú do chách.




## Ollchliseadh – Lár Chathair Bhaile Átha Cliath

**Agus ár ngnó lónadóireachta ag fás, bhí modh seachadta uainn a bhí ní hamháin níos éifeachtaí ach a bhí inbhuanaithe agus neamhdhíobhálach don chomhshaol freisin.**

Ós rud é gurb í an rothaíocht mo phríomh-mhodh iompair cheana, cheap mé go mbeadh sé nádúrtha é chomhtháthú sa ghnólacht. Ghlacamar páirt sa scéim rothair lastais agus fuaireamar rothar lastais atá brandáilte le lógó ár gcuideachta.

Cuidíonn an rothar lastais linn trácht trom na cathrach a sheachaint, amanna seachadta a laghdú, agus seirbhís phoncúil a chinntiú.

Trí orduithe a sheachadadh, is féidir liom mo phaisean agus an scéal atá taobh thiar dár dtáirgí a insint, rud a chruthaíonn eispéireas níos pearsanta. Laghdaíonn sé costais seachadta freisin, coinníonn sé gníomhach mé, agus cuireann sé feabhas ar m'fholláine.

Mar gheall gur chónaí mé i gCóbanhávan, tá a fhios agam go bhfuil acmhainneacht mhór ag baint le Baile Átha Cliath, ach tá gá le níos mó bonneagair, oideachais, páirceáil shlán agus dreasachtaí chun taisteal gníomhach a dhéanamh níos sábháilte agus níos taitneamhaí do gach uile dhuine. Leanfaidh mé orainn go diongbháilte leis sin a lorg.

Walk Wheel Cycle Trust

NTA
Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

## Nótaí ar mhodheolaíocht

Ba é an chuideachta taighde neamhspleách Ipsos B&A a rinne an suirbhé o thaobh dearcaidh ó Aibreán go Meitheamh 2025 (Aibreán go hIúil 2023).

Tá an suirbhé ionadaíoch do chónaitheoirí uile Cheantar Cathrach Bhaile Átha Cliath, ní iad siúd a shiúlann, a rothlaíonn nó a rothaíonn amháin.

Fuarthas na sonraí eile go léir ó chomhpháirtithe réigiúnacha agus áitiúla, ó thacair sonraí náisiúnta rinne Walk Wheel Cycle Trust iad a shamhaltú nó a ríomh. Tá na sonraí uile a fuarthas go háitiúil ceart amhail ón 28 Bealtaine 2025.

Úsáideann meastacháin turas samhail arna forbairt ag Walk Wheel Cycle Trust. Agus comparáid á déanamh le suirbhéanna taistil eile, d'fhéadfadh roinnt difríochtaí a bheith ann i gcion na dturas a rinneadh de réir chuspóir an turais.

Áirítear turais rothaíochta sna meastacháin turas anois mar chuid den obair do 2025 agus 2023 araon. Rinneadh meastacháin samhla 2023 a foilsíodh roimhe seo a athríomh chun iad sin a chur san áireamh agus chun comparáid dhíreach a éascú agus ag baint úsáid as roinnt sonraí ionchuir éagsúla ó fhoinsí níos láidre. Bhí tionchar aige sin freisin ar mheastacháin ar thurais siúil ó 2023 ar aghaidh.

Baineadh úsáid as slánú ar fud na tuarascála. In go leor cásanna, rinneamar slánú go dtí an tslánuimhir is gaire. Seachnaítear slánú i gcás ina bhféadfadh sé sin mearbhall a chruthú, mar shampla le meastacháin samhaltaithe a thaispeántar sna rannóga achoimre agus tairbhí.

Tá tuilleadh eolais faoi fhoinsí sonraí agus ríomhanna, lena n-áirítear láidreachtaí agus teorainneacha an tsuirbhé agus modheolaíocht samhla le fáil ag **www.walkwheelcycletrust.org.uk/walking-cycling-index**

Is a bhuí leis an gcarthanas Walk Wheel Cycle Trust gur féidir le gach duine siúl, rothlú agus rothaíocht a dhéanamh.

Mar gheall go n-athraíonn gluaiseacht faoi chumhacht na ndaoine gach rud. Ár sláinte. Ár bhfolláine. Ár ndomhan.

**www.walkwheelcycletrust.org.uk**

Is carthanas cláraithe é Walk Wheel Cycle Trust in Éirinn (20206824), i Sasana agus in Cymru (326550), agus in Albain (SC039263).

© Walk Wheel Cycle Trust Márta 2026

© Photos: Lukasz Pedlowski, seachas seatanna cinn ar leathanach 2: Richard Barry Weston; leathanach 7: Carolyn Akintola/Walk Wheel Cycle Trust; leathanach 9: Patrick Neeson/Walk Wheel Cycle Trust; leathanach 15: Michael Mackin/Walk Wheel Cycle Trust; leathanach 17: Aisling Heavey/Walk Wheel Cycle Trust; leathanach 21: An tÚdarás Náisiúnta Iompair; leathanach 23: Meltdown/ Walk Wheel Cycle Trust

## Maoiniú agus tacaíocht

Tá maoiniú agus tacaíocht tugtha ag an Údarás Iompair Náisiúnta i leith Innéacs Siúil agus Rothaíochta Cheantar Cathrach Bhaile Átha Cliath. Tá an tionscadal comhordaithe ag Walk Wheel Cycle Trust agus tá tacaíocht faighte ina leith ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Comhairle Contae Fhine Gall, Comhairle Contae Chill Mhantáin, Comhairle Contae Chill Dara agus Comhairle Contae na Mí.